




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Sleamhnán tosaigh do chur i láthair Chéim 2 Cruth agus Spás - Trasfhoirmiú




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Forléargas a thabhairt ar an tsnáithe Cruth agus Spás

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Téigh go dtí lch.23 de cháipéis an churaclaim agus tóg roinnt ama chun breathnú ar na snáithaonaid Cruth agus Spás.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, gur snáithaonad nua é 'Trasfhoirmiú' sa CMB.
- Déanfar iniúchadh sa chur i láthair seo ar an snáithaonad Trasfhoirmiú, ach freisin ar ghnéithe den snáithaonad 'Cruth' mar go dtéann siad le chéile go nádúrtha.

## Trasfhoirmiú
## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

Oide

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Trasfhoirmiú' | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2: Rang a haon agus a dó | Céim 3: Rang a trí agus a ceathair | Céim 4: Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| éifeachtaí **bogadh cruthanna** a **fhiosrú**. | an tuiscint a fhorbairt gur féidir **cruthanna** agus **mírlínte** a **fhrithchaitheamh**, a **rothlú**, agus a **aistriú**. | éifeachtaí na dtrasfhoirmithe ar chruthanna agus ar mhírlínte a **shamhaltú** agus a **mhíniú**. | **tabhairt faoi réimse céimeanna** a bhfuil trasfhoirmithe iontu agus iad a **cheapadh.**<br><br>**anailísiú** a dhéanamh ar an gcaoi a **méadaítear** cruthanna ar **léaráidí de réir scála** agus é seo a **léiriú**. |





**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Trasfhoirmiú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair faoi deara conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas atá againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint shaibhir ar thrasfhoirmiú agus a thábhacht mhatamaiticiúil.
- I gcéim 1 úsáidfidh páistí teanga neamhfhoirmiúil ar nós '*iompú/casadh/sleamhnú'.* Sa chéim bhunúsach seo spreagtar fiosracht faoi ghluaiseachtaí bunúsacha cruthanna gan téarmaíocht fhoirmiúil.
- I gcéim 2, téann na daltaí ar aghaidh a úsáid teanga fhoirmiúil mhatamaiticiúil: '*frithchaitheamh/rothlú/aistriú'.* Leanann na páistí ar

aghaidh ag iniúchadh, ag foghlaim agus ag tógáil eolais faoi chineálacha áirithe trasfhoirmithe—frithchaithimh, rothluithe agus aistrithe. Tosaíonn siad ag aithint agus ag idirdhealú na ngluaiseachtaí seo, ag cur lena dtuiscint ar an gcaoi ar féidir le cruthanna suíomh agus treoshuíomh a athrú.

- I gcéim 3, déanann páistí trasfhoirmiú a léiriú agus míníonn siad a n-éifeachtaí ar chruthanna agus ar mhírlínte. Tosaíonn siad ag cur friotal ar a dtuiscint, ag úsáid téarmaíocht chuí chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a n-athraíonn trasfhoirmiú suíomhanna agus airíonna na gcruthanna.
- I gcéim 4, ní hamháin go ndéanann páistí trasfhoirmithe éagsúla ach ina theannta sin ceapann siad go cruthaitheach a gcuid sraitheanna céimeanna féin ina dtarlaíonn na gluaiseachtaí sin. Déanann siad anailís ar an gcaoi ar féidir cruthanna a mhéadú nó a laghdú i léaráidí scálaithe, ag comhcheangal a gcuid eolais ar thrasfhoirmithe i gcásanna níos casta.
- Tógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint chuimsitheach ar thrasfhoirmiú geoiméadracha.
- Achoimre:
- (Céim 1) Mar thoradh ar iniúchadh ar ghluaiseachtaí
- (Céim 2) Faightear tuiscint ar thrasfhoirmithe a thagann chun cinn ina
- (Céim 3) Chumas na trasfhoirmithe sin a léiriú agus a mhíniú
- (Céim 4) Áit a léiríonn agus a gcruthaíonn daltaí trasfhoirmithe agus iad ag cur a gcuid eolais i bhfeidhm.





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar an toradh foghlama mar phointe tosaigh don ullmhúchán, don teagasc agus don fhoghlaim

**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Is é seo an toradh foghlama do Thrasfhoirmiú Crutha agus Spáis Chéim 2
- Bíonn torthaí foghlama leathan de nádúr. Is iad na smaointe móra matamaitice iad a n-oibríonn na páistí ina dtreo thar thréimhse 2 bhliain.
- Nuair a bhíonn tú ag obair le torthaí foghlama, tá sé úsáideach an toradh foghlama a bhriseadh síos ina réimsí fócais ag baint úsáid as na coincheapa matamaitice (féach an chéad sleamhnán eile).
- I gcás Thrasfhoirmiú Chéim 2, tuigfidh na páistí *gur féidir deighleoga crutha agus líne a fhrithchaitheamh, a rothlú agus a aistriú.*




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar na Coincheapa Matamaitice a chabhraíonn leis an toradh foghlama do Thrasfhoirmiú Chéim 2

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is iad na Coincheapa Matamaitice na príomhsmaointe matamaitice atá mar bhonn le gach toradh foghlama.
- Bheadh na Coincheapa Matamaitice úsáideach chun Fócas Foghlama Nua a aithint agus tú ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim
- Tóg cúpla nóiméad chun na Torthaí Foghlama agus na Coincheapa Matamaitice ar Shraith Uirlisí Matamaitice CNCM a iniúchadh tríd an gcód MF thuas a úsáid.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Rannpháirtithe a mhealladh i dtasc matamaitice a chuireann mata-chaint chun cinn bunaithe ar Chruth agus Spás

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Iarrtar i ngníomhaíochtaí ‘An Ceann Corr’ ar fhoghlaimeoirí a aithint cén pictiúr, íomhá nó uimhir nach mbaineann le cás. Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann agus bíonn rath bunaithe ar an gcumas údar a thabhairt dá bhfreagra.
- Trí gach foghlaimeoir a spreagadh chun 'triail a bhaint as' agus 'meas a bheith ar gach ionchur’, forbraíonn gníomhaíochtaí ‘an ceann corr’ scileanna na réasúnaíochta agus na cumarsáide.
- Pléann agus roinneann foghlaimeoirí a gcuid smaointeoireachta agus a gcuid smaointe agus iad
    - Ag machnamh ar a dtuiscint.

- Ag forbairt a gcumais a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl.
- Ag cosaint a gcuid smaointe.
- Ag baint ciall as a gcuid smaointe agus smaointe daoine eile.

- Is féidir gníomhaíochtaí ‘An Ceann Corr’ a úsáid chun réamheolas, foghlaim ag deireadh aonaid oibre nó teanga mhatamaiticiúil a mheas.
- Tá gníomhaíochtaí ‘An Ceann Corr’ oiriúnach do gach aoisghrúpa.
- Iarr ar pháistí nóiméad a thógáil chun breathnú ar na híomhánna ar an sleamhnán agus smaoineamh cé acu ceann a cheapann siad arb é an ceann corr é agus cén fáth?
- Iarr ar na páistí tiontú chuig an duine in aice leo agus a insint dóibh cén ceann a cheapann siad arb é an ceann corr é agus cén fáth.
- Spreag páistí chun a gcuid smaointeoireachta a roinnt leis an rang ar fad.
- Tarraing aird na bpáistí ar shiméadracht mura bhfuil sé seo luaite cheana.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Teanga fhoirmiúil an trasfhoirmithe a thabhairt isteach ag baint úsáid as an gCoincheap Matamaiticiúil: *Úsáid a bhaint as na téarmaí frithchaitheamh, rothlú, agus aistriú chun cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht cruthanna agus rudaí.*

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- I gcéim a haon, úsáideann na páistí teanga neamhfhoirmiúil mhatamaitice agus iad ag cur síos ar thrasfhoirmiú m.sh. iompú, casadh, sleamhnú.

  Is é an sprioc teanga mhatamaiticiúil a thabhairt isteach *díreach in am Ní díreach ar eagla* - tuiscint a nascadh le téarmaí cosúil le *frithchaitheamh* (iompú), *rothlú* (casadh), agus *aistriú* (sleamhnú).


- <u>Cén chuma a bheadh air sin sa seomra ranga:</u>

1. Breathnóireacht - Iarr ar pháistí breathnú ar an bpóstaer emoji agus an méid a thugann siad faoi deara a roinnt.

2. Cur i bhfeidhm sa seomra ranga - I ngrúpaí nó i mbeirteanna, pléann na páistí cad é a thugann siad faoi deara agus cad é a bhíonn siad a cheistiú (nasctha le gnéithe agus le meonta matamaiticiúla).

3. Grúp-phlé - Déanann páistí cur síos ar an gcaoi a n-athraíonn an emoji i ngach íomhá, ag úsáid focal amháin chun a mhíniú cad é a tharla.

4. Plé an Ranga Uile - Stiúrann an múinteoir díospóireacht, ag soláthar téarmaí matamaitice de réir mar is gá. Sampla: Deir páiste "D’iompaigh emoji." Tugann an múinteoir an teanga fhoirmiúil isteach, "Tugaimid frithchaitheamh air sin. An féidir leat smaoineamh ar áit ar bith eile ina dtarlaíonn a leithéid?"





**Cuspóir an tsleamhnáin seo:**

Míniú a thabhairt ar cad is trasfhoirmiú ann agus ar an bpríomhtheanga atá nasctha leis an snáithaonad

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is é is trasfhoirmiú ann athruithe ar shuíomh, treo nó méid chrutha: Frithchaithimh (iompuithe), Aistriúcháin (sleamhnáin), Rothluithe (castaí)
- Is iad is frithchaithimh ann nuair a dhéanaimid an cruth a iompú, Is aistriúcháin iad nuair a shleamhnaíonn cruth agus is rothluithe a bhíonn ann nuair a chastar cruth.

# Trasfhoirmiú sortáil





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar ghníomhaíocht trasfhoirmithe

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Iarr ar na páistí breathnú ar na híomhánna.
- Cad é a thugann siad faoi deara? Cad é a d'athraigh? Cén focal a d'fhéadfaidís a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an méid a tharla?
- Greamaíonn na páistí an pionna éadaí ar an téarma ceart.
- D'fhéadfaí iad seo a úsáid mar mhodh measúnaithe




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

An smaoineamh a fhorbairt, nuair a bhogtar cruthanna ar bhealaí éagsúla chun cuspóir a bhaint amach, nach n-athraítear a méid ná a dtréithe cé go bhféadfadh cuma éagsúil a bheith ar na cruthanna.


**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Fiafraigh de na páistí: *Cad é a thugaimid ar an gcruth seo? Cad é a thugaimid ar an dara cruth?* Ar chuala tú riamh páiste ag tagairt dó mar thriantán bunoscionn?
- Tíopúil agus neamh-thíopúil - Ós rud é go ndíríonn go leor puzal, póstaer, pictiúrleabhar agus fiú téacsleabhar ar chruthanna tíopúla ar nós an triantáin agus an pheinteagáin rialta (gach taobh agus uillinn comhionann), seans go mbeadh páistí ar bheagán taithí nó gan aon taithí ar obair le cruthanna tíopúla.
- Léiríonn taighde go bhféadfadh, mar thoradh ar ró-úsáid cruthanna tíopúla, deacrachtaí a bheith ag páistí a aithint go mbaineann cruthanna

áirithe le catagóir ar leith (Fox, 2000; Edwards agus Harper, 2010).

- Mar shampla, is sampla de thriantán coitianta é an chéad triantán, an triantán comhshleasach. Mar sin féin, mura bhfeiceann páistí ach an cineál sin amháin, b'fhéidir nach n-aithneodh siad gur triantáin iad na cruthanna eile agus go gcaillfeadh siad deiseanna a aithint cad is triantán ann i ndáiríre – ní "cruth atá cosúil leis seo," ach cruth atá comhdhéanta de thrí thaobh dhíreacha.
- Is féidir suíomh, treoshuíomh nó méid chrutha a athrú gan an cineál crutha atá ann a athrú.
- Teastaíonn uainn go n-aithneodh páistí cruthanna de réir a gcuid airíonna, ní hamháin de réir 'cén chuma a bhíonn orthu'
- Gníomhaíochtaí molta:
    - Amharcphointe (*tógtha ó Na Chéad Chéimeanna lch.110)* - Iarr ar pháistí a rá cén chuma a bheidh ar rud éigin ach á bhreathnú ó dhearcadh difriúil. Mar shampla, iarr ar pháistí rud aitheanta a tharraingt, mar shampla buicéad, cupán, cartán bainne, nó bréagán. Ar dtús, dírigh na scoláirí ar na codanna a fheiceann siad a léiriú. Ansin iarr orthu a shamhlú cad é a cheapann siad atá ar an taobh eile agus líníocht eile a dhéanamh de. Fiafraigh: An bhfuil rud éigin ar an taobh eile atá a fhios agat a bheith ann ach nach féidir leat a fheiceáil as seo? Cén taobh ar a mbeidh an murlán má tharraingíonn tú ón taobh eile é? Conas atá a fhios agat?
    - Babhla Torthaí (*Babhla Torthaí - tógtha ó Na Chéad Chéimeanna lch.88)* - Iarr ar pháistí suí i ngrúpaí timpeall babhla torthaí, línelíníochtaí a tharraingt de na rudaí a fheiceann siad, agus a gcuid líníochtaí a fhágáil i gcarn ar an mbord. Iarr orthu táblaí a mhalartú le grúpa eile, líníocht a roghnú ón tábla sin agus na hamharcphointí a mheaitseáil le ceann de na suíomhanna líníochta. Fiafraigh: Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go dtagann sé as seo? Cén píosa torthaí is féidir leat a fheiceáil nuair a bhíonn tú i do shuí sa suíochán seo? Cad é nach féidir leat a fheiceáil? Cén suíochán ina mbeifeá i do shuí dá bhfeicfeá an méid atá le feiceáil sa líníocht seo?

# Tangraim





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar thangraim mar acmhainn úsáideach chun teanga agus léirshamhlú trasfhoirmithe crutha a threisiú

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Beidh go leor deiseanna ag teastáil ó pháistí a bheith ag obair le hábhair phraiticiúla chun cabhrú leo trasfhoirmiú a léirshamhlú
- Cruthaíonn na páistí pictiúr ag baint úsáid as cruthanna bunúsacha (m.sh. teach nó ainmhí).
- Tarraingíonn páiste amháin timpeall imlíne an chrutha a roghnaigh siad.
- Ansin líonann a bpáirtí an imlíne ag baint úsáid as tangraim á spreagadh chun teanga an trasfhoirmithe a úsáid: frithchaitheamh, rothlú, aistriú


<u>Gníomhaíocht Fhíorúil:</u>

- Is féidir le páistí triail a bhaint as na tangraim fhíorúla le treoirlínte agus leis an tógálaí tangraim (Cóid MF)

- Pléigh agus déan comparáid ina dhiaidh sin conas a mheas siad an ghníomhaíocht leis na treoirlínte agus gan na treoirlínte

**Acmhainní:**

- Is é an MF ar chlé cruthanna Polypad Mathigon chun láimhseog tí ar líne a dhéanamh: https://polypad.amplify.com/p/AnUwwItjFIOKg
- Is nasc é an cód MF ar dheis chuig acmhainn úsáideach ó Mathigon - Tangraim fhíorúla: https://polypad.amplify.com/tangram (tógálaí tangraim)




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Tá siméadracht fhrithchaiteach ag cruth nó ag patrún má fhanann sé mar an gcéanna nuair a léirítear é trí line scátháin.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

Siméadracht Mhíme - Frithchaitheamh a Mhímeáil

**-** Péireálfar gach páiste le comhpháirtí.- Tabharfaidh na comhpháirtithe aghaidh ar a chéile agus tabharfar treoir dóibh 'frithchaitheamh' a dhéanamh de ghníomhartha a chéile nó aithris a dhéanamh orthu.- Tosóidh an ghníomhaíocht ar luas mall agus méadóidh ar a luas de réir a chéile.- Má bhíonn go leor ama ann, is féidir le páistí comhpháirtithe a athrú.- Tar éis na gníomhaíochta, déantar plé ar airíonna an fhrithchaite, ag léiriú go ndéantar gníomhartha a dhéantar le láimh amháin (m.sh., an lámh chlé) a scáthánú leis an lámh eile (m.sh., lámh dheas), agus a mhalairt.

Frithchaitheamh Scátháin

- Gheobhaidh gach grúpa scáthán láimhe, agus scáthán mór urláir go síleáil má tá siad ar fáil sa seomra ranga.- Breathnóidh grúpaí orthu féin, ar rudaí eile sa seomra ranga, agus ar bhileog ina bhfuil siombailí éagsúla trí na

scátháin.

- Le linn iniúchadh na siombailí, pléigh go foirmiúil an pointe frithchaite do gach rud.

**Acmhainní:**

Soláthraíonn an nasc seo gníomhaíocht do pháistí chun cruth na hollphéiste thuas a fhrithchaitheamh trí líne thrasnánach ar shuíomh Gréasáin Amplify Mathigon: https://mathigon.org/polypad/8E6rxw22xMPm6g

# Caifé 'Anraith 's Araile'

Oide

*Meán lae Dé Máirt ag an gCaifé Soup 'N Such,*
*Nuair a shiúlann custaiméir isteach agus scriosann sé lá gach duine.*
*An tUasal McGruder é le pus ar a aghaidh*
*Agus siúlann sé i dtreo a bhoird ar luas mall seasta.*
*Mar An tUasal McGruder mar is eol do gach duine*
*Is  duine fíor cantalach agus cancrach é*
*"Tá an deoch seo ró-the nó rófhuar nó ró-spiosrach!!!*
*Tá mo dheoch ró-the agus tá mo bhia oighreach!!"*
*Ritheann gach duine chun dul i bhfolach chun tasc a sheachaint*
*An duine a chaithfidh ceist a chur. . .*
*"An féidir liom d'ordú a ghlacadh, le do thoil?"*
*"Beidh mé an t-anraith sin agam," a deir sé le gáire,*
*"ach ní theastaíonn uaim ach litreacha áirithe a bheith ann."*
*"Caithfidh siad breathnú mar an gcéanna tar éis sleamhnú, casadh, AGUS smeach.*
*"Mar sin faigh na litreacha sin amháin sula n-ithim an t-anraith!."*

**Cuspóir an tsleamhnáin:**


A thaispeáint conas filíocht/scéal a úsáid mar spreagthach do ghníomhaíocht trasfhoirmithe.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Oibreoidh na páistí i ngrúpaí chun a chinneadh cé na litreacha a chuirfear leis an 'anraith'. Ag baint úsáid as litreacha nithiúla den aibítir (maighnéadach nó *cardstock*), déanfaidh siad iniúchadh ar na litreacha a fhanann mar an gcéanna tar éis trasfhoirmiú sonrach:
- Sleamhnán nó aistriúchán
- Iompú nó frithchaitheamh
- Casadh nó rothlú
- Déanfaidh na scoláirí na litreacha a shórtáil i ngrúpaí bunaithe ar na trasfhoirmithe seo agus sa deireadh gheobhaidh siad amach cén litir a rachaidh isteach san anraith.
- Smaoinigh ar an gcaoi a rachaidh na páistí i ngleic leis na ceithre ghné i dtasc mar seo.
- Spreag úsáid uirlisí cosúil le cairt, tábla, nó léaráid Venn chun cabhrú le páistí a gcuid smaointeoireachta a léirshamhlú (féach an chéad dá sleamhnán eile).

- Ina theannta sin, is féidir coincheapa cosúil le ceathrú, leath, agus casadh iomlán, a thabhairt isteach anseo mar thoradh ar phlé ar shiméadracht rothlach.
- Freagraí ar an tasc:
- Litreacha a fhanann mar an gcéanna tar éis sleamhnáin/aistriúcháin: Gach litir.
- Litreacha a fhanann mar an gcéanna tar éis iompaithe/frithchaite: A, H, I, M, O, T, U, V, W, X, Y.
- Litreacha a fhanann mar an gcéanna tar éis casadh 180° (siméadracht rothlach): H, I, N, O, S, X, Z.
- Is iad na litreacha atá le feiceáil sna trí ghrúpa na cinn a théann isteach san anraith: O, H, I, X.

**Acmhainní:**
Tá an ghníomhaíocht seo ar fáil mar Eiseamláir ar https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/eiseamlairi/ceim-2/ agus tríd an gcód MF




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

A thaispeáint conas filíocht/scéal a úsáid mar spreagthach do ghníomhaíocht trasfhoirmithe agus trasfhoirmiú a nascadh le Sonraí.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is féidir le léaráid Venn cabhrú le páistí na litreacha anraith a shórtáil – d'fhéadfaí é sin a dhéanamh ag baint úsáid as fonsaí sa seomra ranga.
- Is féidir le múinteoirí a ngníomhú a úsáid anseo chun a chinneadh cé acu atá úsáid teanga thrasfhoirmithe neamhfhoirmiúil nó fhoirmiúil níos oiriúnaí dá rang ag an am.

## **Caifé 'Anraith 's Araile'** Sortáil

Oide

| Litreacha atá mar an gcéanna tar éis sleamhnú nó aistriú | Litreacha atá mar an gcéanna tar éis smeach nó frithchaitheamh | Litreacha atá mar an gcéanna tar éis leath-chasadh (leath de rothlú) | Litreacha atá le feiceáil sna trí cholún |
|---|---|---|---|
| B | A | | X |


Téann na litreacha atá sa trí cholún san anraith

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

A thaispeáint conas filíocht/scéal a úsáid mar spreagthach do ghníomhaíocht trasfhoirmithe agus trasfhoirmiú a nascadh le Sonraí.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is féidir léaráid Carroll a úsáid freisin chun na litreacha don anraith a shórtáil.





**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Tasc ceannoscailte a thaispeáint atá nasctha le trasfhoirmiú

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Is tasc ceannoscailte é tasc ina bhfuil réimse réitigh 'chearta' agus/nó réimse bealaí chun réiteach amháin nó níos mó a bhaint amach.
- Is bealach amháin é tascanna ceannoscailte a úsáid chun spraíúlacht sa mhatamaitic a spreagadh.
- Soláthraíonn tascanna ceannoscailte, cosúil leis an tasc seo, deiseanna le haghaidh *fiosraithe, imscrúdaithe, dúshláin, cruthaitheachta, rogha agus neamhspleáchais.*
- Gné thábhachtach de pháistí a bheith ag gabháil do thascanna ceannoscailte is ea na díospóireachtaí leantacha a bhíonn ar siúl i ngrúpa beag nó i suíomh rang iomlán.
- Má chuirtear an bhéim ar ghiniúint smaointe éagsúla, mothaíonn gach páiste go bhfuil rud éigin acu le cur leis, agus, ina theannta sin, foghlaimíonn siad ó smaointe agus ó straitéisí a gcomhghleacaithe.
- Is bealach amháin iad tascanna ceannoscailte freisin chun tascanna dúshlánacha cognaíocha a sholáthar sa mhatamaitic.
- Nuair a roghnaítear tasc ceannoscailte, amhail tasc ar bith a roghnú, tá

sé tábhachtach an sprioc mhatamaiticiúil a choinneáil i gcuimhne.

**Acmhainní:**
Is féidir tuilleadh Tascanna Ceannoscailte a iniúchadh ar https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/mion-mata/ nó tríd an gcód MF




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Leideanna machnaimh a sholáthar do Dhialann Mhatamaitice le húsáid sa rang.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá dialanna úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon chun dearcadh, eolas agus scileanna a mheas.
- Is féidir le páistí súil a choinneáil ar a gcuid smaointeoireachta agus ar a dtuiscint sa dialann.
- Is féidir le tuairimí ginearálta faoin Matamaitic a bheith i ndialanna nó is féidir leo a bheith níos sainiúla agus díriú ar choincheap ar leith.
- Ar an sleamhnán tá dhá leid dialainne is féidir a úsáid sa rang. Díríonn an chéad cheann ar mheon an linbh agus is féidir í a úsáid i ngach snáithaonad.
- Leideanna dialainne:
    - THUG MÉ FAOI DEARA, FUAIR MÉ AMACH, SHEICEÁIL MÉ, CHRUTHAIGH MÉ...
    - Inniu bhain mé taitneamh as... spreagadh ginearálta chun na páistí a chur a smaoineamh ar mhatamaitic agus ar na réimsí a bhfuil siad fiosrach fúthu.
    - Leideanna sonracha bunaithe ar shnáithe....Tarraing an cruth is fearr leat. Cá bhfeicfeá é timpeall ort? Bain úsáid as focail nó as

líníochtaí chun do chuid smaointeoireachta a mhíniú.(Féach an sampla ar an gcéad sleamhnán eile)

- Bain úsáid as an gCód MF ar an sleamhnán chun na leideanna dialainne thuas a fháil ar Mhol an CMB.